Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Nochtuithe Cosanta

# Beartas agus Nósanna Imeachta

## Cuid 1

## 1. Ráiteas Beartais

**1.1** Tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go dtabharfaidh an cultúr agus an timpeallacht oibre spreagadh agus tacaíocht d'aon fhostaí/oibrí tuairisc a thabhairt faoi aon saincheist a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar chumas na Comhairle seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh agus nochtadh éagóra a éascú agus cosaint a thabhairt d'aon fhostaí/oibrí a dhéanann nochtadh den sórt sin.

**1.2** Ag teacht le beartais reatha na Comhairle, táthar ag súil go ndéileálfar go gairmiúil agus go cuí le haon saincheist chuí a ardaíonn fostaí/oibrí lena mbainisteoir líne. Tá sé seo ríthábhachtach lena chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar bainistiú go héifeachtach ar na rioscaí suntasacha go léir a eascraíonn don Chomhairle. Chomh maith leis sin, ní ghearrfar pionós ar fhostaí/oibrí a ardaíonn aon saincheist maidir le húdar imní.

**1.3** Cuideoidh agus tacóidh an Chomhairle le fostaithe a nochtann údar imní a d'fhéadfadh a bheith ann agus tá sé i gceist ag an gComhairle déileáil le lán-discréid le húdar imní a chuirtear in iúl ag teacht leis an gceangal dlíthiúil chun céannacht an fhostaí/oibrí a dhéanann an nochtadh a chosaint.

**1.4** Cuirfidh tuairisciú a dhéanamh go hinmheánach ar aon údair imní faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, cultúr maidir le 'húdair imní a ardú' chun cinn san áit oibre agus tugann an deis don Chomhairle déileáil go héifeachtach le nochtadh.

**1.5** Dírítear sa bheartas seo ar shaincheisteanna éagóra iomchuí (mar a shainmhínítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/html agus an rún atá ann ar mhaithe le leas an phobail. Tá idirdhealú tábhachtach le déanamh idir údar imní a ardú maidir le héagóir iomchuí mar a shainmhínítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus a chlúdaítear sa bheartas seo agus saincheisteanna eile a d'fhéadfaí a ardú maidir le gnáth-ghnó na Comhairle nach dtagann laistigh den bheartas seo.

**1.6** Is féidir a bheith ag súil leis go dtabharfar údair imní maidir le hoibríochtaí ó lá go lá, le linn gnáth-imeachtaí, ar aird an bhainisteora líne iomchuí agus go ndéileálfar leo ar an mbonn sin nó trí struchtúir comhaontaithe atá socraithe suas ag an gComhairle cheana féin (m.sh. ní mór aghaidh a thabhairt ar ábhair Sláinte agus Sábháilteachta trína nósanna imeachta atá cruthaithe i gCóras

Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle). Baineann breithnithe den chineál céanna le gearáin nó líomhaintí a bhaineann le hábhair ar nós ciapadh/bulaíocht nach gclúdaítear sa bheartas seo, agus leanfar ag déileáil leo faoi Bheartas Gearáin agus Beartas agus Nós Imeachta chun na Dínite san Ionad Oibre na Comhairle.

## 2. Cuspóir an Bheartais

**2.1** Tá sé mar chuspóir leis an mbeartas seo:

(i) fostaithe/oibrithe a spreagadh chun aon údar imní a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le héagóir féideartha san ionad oibre a thuairisciú go hinmheánach, chomh luath agus is féidir, ar an mbealach a ndéantar foráil dó san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014; agus iad ar an eolas go nglacfar go dáiríre lena n-údar imní, go ndéanfar iad a imscrúdú, más cuí, agus go mbeidh meas ar a rúndacht, ar an mbealach a ndéantar foráil dó san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014;

(ii) a léiriú go bhfuil sé cuí i gcónaí údair imní den sórt sin a ardú nuair a bhíonn siad bunaithe ar thuairim réasúnach, beag beann cibé a n-aithnítear éagóir ina dhiaidh sin nó nach n-aithnítear;

(iii) treoir a thabhairt d'fhostaithe/oibrithe conas údair imní a ardú;

(iv) muinín a thabhairt d'fhostaithe/oibrithe gur féidir leo éagóir iomchuí a thuairisciú agus gan eagla a bheith orthu faoi phionós.

## 3. Scóip

**3.1** Baineann an beartas seo le fostaithe go léir na Comhairle. Baineann an beartas seo le hoibrithe go léir na Comhairle, lena n-áirítear, conraitheoirí, comhairleoirí, foireann gníomhaireachta, intéirnigh/daoine faoi oiliúint agus oibrithe deonacha.

## 4. Sainmhínithe faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

**4.1** *Nochtadh Cosanta;*
Sainmhínítear Nochtadh Cosanta san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, mar nochtadh faisnéise iomchuí, a bhféadfadh i dtuairim réasúnach an oibrí go bhféadfar 'éagóir iomchuí' amháin nó níos mó a léiriú inti, a tháinig ar aird oibrí

maidir le fostaíocht an oibrí agus a nochtann an fostaí ar an mbealach a shonraítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Chun críocha an Achta seo, is "faisnéis iomchuí" an fhaisnéis, más rud é;

(a) i dtuairim réasúnach an oibrí, go bhféadfar éagóir iomchuí amháin nó níos mó a léiriú inti, agus

(b) gur tháinig an éagóir ar aird an oibrí maidir le fostaíocht an oibrí.

Is éagóir iomchuí iad na nithe seo a leanas;

(a) *go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar cion,*
*(b)* *gur mhainnigh duine nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sé nó sí ag mainneachtain, déanamh de réir aon oibleagáid dhlíthiúil, seachas oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,*
*(c)* *gur tharla iomrall ceartais nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, iomrall ceartais ag tarlú*,
*(d)* *gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair i mbaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, sláinte nó sábháilteacht aon phearsan aonair á cur i mbaol,*
*(e)* *go ndearnadh damáiste don chomhshaol nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, damáiste á dhéanamh don chomhshaol,*
*(f)* *gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, úsáid neamhdhleathach nó úsáid mhíchuí eile á baint as an gcéanna,*
*(g)* *go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar thar a cheann leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó gur mór-mhíbhainistíocht atá ann, nó*
*(h)* *go ndearnadh faisnéis, a bhféadfar aon ní a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna sin roimhe seo a léiriú inti, a cheilt nó a scriosadh nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, faisnéis den sórt sin á ceilt nó á scriosadh.*

D'fhéadfadh baint a bheith ag 'nochtadh cosanta' faoin mbeartas seo le héagóir iomchuí;

*(a)* *atá ag tarlú faoi láthair;*

*(b) a tharla san am a caitheadh;*
*(c) a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.*

Déantar foráil in Alt 5(5) den Acht um Nochtadh Cosanta mar a leanas:

Ní éagóir iomchuí é ní más é feidhm an oibrí nó fhostóir an oibrí an ní a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus mura gníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostóra é nó mura mbaineann gníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostóra léi.

**4.2** *An Difríocht idir Gearán agus Nochtadh Cosanta*;
Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir nochtadh cosanta agus gearán. Baineann gearán go sonrach leis an fhostaí/oibrí, m.sh. dualgais, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, nósanna imeachta oibre nó coinníollacha oibre. Ní mór próiseáil a dhéanamh ar ghearán faoi Bheartas agus Nós Imeachta na Comhairle.

**4.3** *Sampla de ghearán*
- Gearán maidir le *míshástacht* le hathrú ar thimpeallacht oibre;
- Gearán maidir le *hathrú* in uaireanta oibre/leithdháileadh ragoibre.

Bíonn nochtadh cosanta i gceist nuair a bhíonn faisnéis ag fostaí maidir le héagóir iomchuí.

*Sampla de nochtadh cosanta*
- Úsáid míchuí cistí, breabaireacht nó calaois.

**4.4** *Oibrí;*
Tugtar sainmhíniú leathan ar 'oibrí' faoin reachtaíocht agus áirítear anseo, fostaithe, conraitheoirí, foireann gníomhaireachta, iar-fhostaithe, fostaithe sealadacha agus intéirnigh/oibrithe. Níl aon achar cáilíochta seirbhíse i gceist.

**4.5** *Pionósú;*
Sainmhínítear 'pionósú' mar 'aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanann difear d'oibrí chun aimhleas an oibrí, go háirithe, agus áiríonn sé:

(a) fionraí, asleagan nó dífhostú,
(b) ísliú céime nó deis ar ardú céime a chailleadh,
(c) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,

(d) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,
(e) cóir éagórach,
(f) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
(g) idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir éagórach,
(h) díobháil, damáiste nó caillteanas, agus
(i) bagairt díoltais.

## 5. Tuairim Réasúnach

**5.1** Foráiltear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go bhfuil an spreagadh nochtadh cosanta a dhéanamh neamhábhartha. Tá nochtadh faoi chosaint chomh fada, i dtuairim réasúnach an oibrí, go bhféadfar éagóir iomchuí amháin nó níos mó a léiriú inti, ar an gcoinníoll go bhfuil an tuairim sin réasúnach. Ní chiallaítear le "tuairim réasúnach" gur gá go mbeidh an tuairim ceart. Tá oibrithe i dteideal a bheith mícheart ina gcuid tuairimí, chomh fada is atá a dtuairim bunaithe ar fhorais réasúnacha.

## 6. Oifigeach atá Ainmnithe chun Glacadh le Nochtadh

**6.1** Tá an duine/na daoine seo a leanas ceaptha ag an gComhairle chun glacadh le Nochtadh Cosanta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá mionsonraí teagmhála an Oifigigh Ainmnithe (atá ainmnithe ag an gComhairle chun glacadh le nochtadh) mar a leanas; Michael Owens, An Rúnaí Contae/Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, ríomhphost mowens@galwaycoco.ie nó teileafón 091 509312

Feidhmíonn an Chomhairle nósanna imeachta soiléire chun nochtadh a dhéanamh, a fháil agus a imscrúdú (féach Cuid 2).

## 7. Oibrithe atá lasmuigh d'Údair Imní Tuairiscithe na Comhairle

**7.1** Is féidir le hoibrithe ó lasmuigh den Chomhairle a thugann éagóir iomchuí faoi deara mar chuid dá gcuid oibre leis, nó don Chomhairle tuairisc a thabhairt don 'Oifigeach Ainmnithe' (atá ainmhithe sa Chomhairle chun glacadh le nochtadh) maidir le héagóir iomchuí.

**7.2** Spreagtar oibrithe atá ag déanamh nochtuithe den sórt sin an Nós Imeachta maidir le Nochtadh a Dhéanamh a úsáid a dtugtar breac-chuntas ina leith sa Nós Imeachta seo (Alt 2).

## 8. Líomhaintí Bréagacha

**8.1** Sa chás go ndéanann fostaí/oibrí tuairisc de réir an bheartais seo ach nach ndeimhnítear an fhaisnéis nó an líomhain ina dhiaidh sin trí imscrúdú, ní thabharfar aon ghníomh in aghaidh an duine atá ag déanamh an nochtadh. Tabharfar cosaint iomlán don fhostaí/oibrí ó aon chóir, pionósú nó íospairt nach bhfuil chomh fabhrach.

*Níl an chúis a bhí ag an duine a rinne an nochtadh iomchuí ach má dhéanann oibrí líomhain bhréagach d'aon turas nó go contúirteach, ansin d'fhéadfadh sé go dtabharfaidh gníomh araíonachta ag teacht le Beartais agus Nós Imeacht Araíonachta na Comhairle.*

Ní cháilíonn tuairisc bhréagach maidir le nochtadh a dhéanamh d'aon turas nó go contúirteach, do chosaint faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## 9. An Fostaí/Oibrí is ábhar do Nochtadh

**9.1** Tá an fostaí/oibrí is ábhar do nochtadh i dteideal nósanna imeachta córa. Glacfar na céimeanna réasúnacha go léir, an t-achar a bhíonn an t-imscrúdú ar siúl le rúndacht na ndaoine siúd is ábhar do na líomhaintí i Nochtadh Cosanta a chosaint, go dtí go mbeidh toradh an imscrúdaithe ar fáil.

**9.2** Sa chás go ndéantar líomhain in aghaidh duine aonair (an freagróir), cinnteoidh an Chomhairle go dtugtar an chosaint chuí don fhreagróir de réir prionsabail ginearálta an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta na córa, de réir mar is iomchuí.

## 10. Cosaint ó dhífhostú/pionósú

**10.1** Ní ghearrfar pionós ar fhostaí/oibrí, a bhfuil tuairim réasúnach acu gur tharla éagóir thromchúiseach maidir lena gcuid fostaíochta agus a nochtann an t-údar imní sin, as an nochtadh sin a dhéanamh, fiú mura dtarlaíonn aon imscrúdú ina dhiaidh sin, nó sa chás go mbíonn imscrúdú ann, agus nach dtagtar ar aon éagóir a tharla san imscrúdú sin. Clúdaítear sa ghealltanas seo aon fhostaí/oibrí eile a

ndéantar éileamh orthu faisnéis a sholáthar maidir le hábhair a ardaíodh sa nochtadh.

**10.2** Éilítear ar fhostaithe/oibrithe, sa chás gur gearradh pionós orthu mar gheall ar nochtadh a dhéanamh an tOifigeach Ainmnithe a chur ar an eolas agus ansin déanfaidh an Chomhairle measúnú/imscrúdú ar fhógraí den sórt sin agus glacfar an gníomh cuí. Is féidir gearán maidir le pionós a dhéanamh faoi Bheartas agus Nós Imeachta Gearáin na Comhairle (féach Alt 23).

## 11. Nochtadh a Thaifeadadh agus a Rianú

**11.1** Tá sé de dhualgas ar an gComhairle, faoin 30 Meitheamh ar bhonn bliantúil, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar mionsonraí ar líon na nochtuithe cosanta a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i ndáil leis an mbliain díreach roimhe sin agus i ndáil le haon ghníomh a ghlacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta seo. Déanfar gach nochtadh maidir le héagóir, beag beann cibé a bhfuiltear ag déileáil leo go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, a thaifeadadh agus a thuairisciú do Stiúrthóir Ainmnithe a thabharfaidh tuarascáil don Chomhairle/Príomhfheidhmeannach Cathrach, mar is gá. Beidh céannacht an nochtóra faoi rún i gcónaí.

**11.2** Beidh faisnéis anaithnid maidir le nochtuithe cosanta agus maidir leis an ngníomh a ghlac an Chomhairle san áireamh sa tuarascáil freisin. Foilseofar an tuarascáil i bhfoirm nach gcumasófar léi na daoine a bheidh i gceist a shainaithint atá bainteach le haon ghné den nochtadh, bíodh siad ina nochtóir, nó ina bhfaighteoir, nó aon duine eile a bhí i gceist.

## 12. Bainistiú Taifid

**12.1** Beidh taifid a chruthaítear, a ndéantar cothabháil orthu nó a stórálann an Chomhairle mar chuid de Bheartas agus Nósanna Imeacht Nochtadh Cosanta na Comhairle ag comhlíonadh na gceanglas rúndachta faoi Acht 2014 agus le Beartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil (2001) agus aon bheartais coinneála taifead iomchuí eile.

## 13. Monatóireacht ar Bheartas agus ar Oibleagáidí Tuairiscithe Seachtracha

**13.1** Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh beartais agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta.

**13.2** Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo trí bliana tar éis an dáta ar foilsíodh é. Cuirfear fostaithe agus ionadaithe foirne ar an eolas maidir le haon athruithe, trí chomhairliúchán roimh ré.

# Cuid 2

## Nósanna Imeachta

### 14. Nósanna Imeachta le Nochtadh a Dhéanamh

**14.1** Ní mór d'fhostaí/oibrí nochtadh a dhéanamh ar an mbealach a leagtar amach in Acht 2014 chun cosaint a fháil faoin Acht.

**14.2** Ní mór d'fhostaí/oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige/aici maidir le héagóir iomchuí amháin nó níos mó an fhaisnéis a nochtadh go díreach don Oifigeach Ainmnithe le Nochtuithe a Fháil, Michael Owens, An Rúnaí Contae/Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, ríomhphost mowens@galwaycoco.ie nó teileafón 091 509312.

**14.3** Sa chás gur Stiúrthóir ar Ghrád Seirbhíse atá sa nochtóir, ansin ní mór dó/di an nochtadh a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an Chontae/na Cathrach.

**14.4** Ní mór an nochtadh faoin mbeartas seo a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal le hOifigeach Ainmnithe (atá ainmhithe sa Chomhairle le nochtuithe a fháil). I gcás nochtadh ó bhéal, déanfaidh an tOifigeach Ainmnithe an nochtadh a thaifeadadh agus déanfaidh an nochtóir an nochtadh a shíniú mar thaifead cruinn ar an nochtadh. Tá foirm chaighdeánach maidir le Nochtadh a Dhéanamh i gceangal in Aguisín 1 agus tá an fhoirm le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle freisin ag http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/protecteddisclosures/.

**14.5** Ní mór don nochtóir an fhaisnéis iomchuí go léir maidir leis an údar imní a chur in iúl. Déanfaidh sé seo an measúnú a éascú cibé ar fiú imscrúdú a dhéanamh ar an nochtadh nó nach fiú. Ní mór nádúr sonrach na héagóra féideartha a chur in iúl ag tráth an nochtadh chomh maith le dáta an nochtadh agus a lua cibé an bhfuil an nochtadh á dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus cibé a bhfuil an nochtóir ag súil le rúndacht/níl an nochtóir ag súil le rúndacht. Ní mór go mbeidh 'faisnéis' sa nochtadh ina dtugtar léiriú ar an éagóir. Is fíricí a chur in iúl an gnáth mhíniú atá le 'faisnéis' a nochtadh, ar nós a lua gur tharla imeachtaí áirithe. Tá sé seo difriúil ó díreach líomhain a dhéanamh ar an mbonn nach bhfuil an t-amhras bunaithe ar aon ní inbhraite.

**14.6** Cé gur féidir nochtadh a dhéanamh go hanaithnid, ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil an beartas seo srianta go suntasach sa mhéid is féidir é a chur i bhfeidhm i

gcás nochtuithe anaithnid. Tabhair ar aird nach féidir le fostaithe/oibrithe sásamh a fháil faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus iad anaithnid.

**14.7** Níor chóir d'fhostaí/oibrí, a bhfuil sé i gceist aige/aici údar imní a ardú, thabhairt faoi imscrúdú lasmuigh de ghnáth scóip a chuid/a cuid dualgais agus é/í ag súil le héagóir iomchuí a dheimhniú. Níor chóir d'Fhostaithe/Oibrithe a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi nochtadh inmheánach iarracht a dhéanamh cruthúnas a fháil maidir leis an údar imní/amhras atá acu nó moill a dhéanamh ó thaobh nochtadh a dhéanamh ar mhaithe le fianaise a bhailiú ar dtús chun tacú leis an nochtadh.

## 15. Faisnéis nach mór a bheith san áireamh agus nochtadh á dhéanamh

**15.1** Ní mór go mbeidh na mionsonraí seo a leanas, ar a laghad, sa nochtadh:

- Ainm an nochtóra, réimse oibre agus mionsonraí teagmhála (roghnach mar gur féidir le nochtadh a bheith anaithnid);
- Dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta ar cuireadh tús nó ar aithníodh an éagóir líomhnaithe;
- Cibé an bhfuiltear ag leanúint leis an éagóir líomhnaithe nó nach bhfuil;
- Cibé ar nochtadh an éagóir líomhnaithe d'aon chomhalta den bhainistíocht agus má nochtadh cén uair ar tharla sé sin agus cén toradh a bhí air;
- Mionsonraí na héagóra líomhnaithe agus aon fhaisnéis tacaíochta;
- Ainm an duine/na ndaoine (más eol nó más bainteach) a líomhnaítear a bheith bainteach leis an éagóir líomhnaithe;
- Aon fhaisnéis iomchuí eile.

(Foirm le Nochtadh a Dhéanamh - Aguisín I).

## 16. Nós Imeachta le Nochtadh a Fháil

**16.1** Ní mór don Oifigeach Ainmnithe a fhaigheann nochtuithe agus aon duine a ndéantar nochtadh cosanta dó nó di, agus aon duine a dtarchuirtear nochtadh cosanta chuige nó chuici le linn dualgais an duine sin a chomhlíonadh, na céimeanna réasúnacha go léir a ghlacadh agus ní nochtfaidh sé nó sí do dhuine eile aon fhaisnéis lena bhféadfaí an duine a rinne an nochtadh cosanta a shainaithint.

**16.2** Sa chás go ndéantar nochtadh le bainisteoir líne le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas, éilítear ar an mbainisteoir líne iarraidh ar an

nochtóir an nochtadh a dhéanamh leis an Oifigeach atá ainmnithe le nochtadh a fháil.

**16.3** Ní mór don Oifigeach Ainmnithe a fhaigheann an nochtadh tabhairt faoi phróiseas scagtha/measúnaithe tosaigh (féach Alt 15.1 de Threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DoPER) faoi Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, chun críocha cabhrú le comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a gcuid dualgas faoin Acht, agus ina dhiaidh sin cuirfidh sé nó sí comhairle ar an nochtóir maidir le cibé a bhfuil gá nó nach bhfuil le himscrúdú a dhéanamh ar an ábhar de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní mór go mbeidh measúnú ar an nochtadh i gceist leis an bpróiseas scagtha le hiarracht cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir nó nár chóir caitheamh leis an nochtadh mar nochtadh cosanta agus aird á thabhairt ar Acht 2014. Mura mbíonn sé soiléir cibé a gcáilíonn an nochtadh mar nochtadh cosanta nó nach gcáilíonn, ní mór don Oifigeach Ainmnithe caitheamh leis an nochtadh mar nochtadh cosanta (agus céannacht an nochtóra a chosaint de réir na nósanna imeachta). Ní mór measúnú a dhéanamh ar an nochtadh le cinneadh a dhéanamh maidir le cineál na faisnéise a nochtadh agus an nós imeachta nó na nósanna imeachta atá cuí/nó is mó atá cuí a bheidh le húsáid chun an t-ábhar a imscrúdú. Sa chás, tar éis measúnú a dhéanamh ar an nochtadh, go bhfuil meascán de shaincheisteanna difriúla ann (a bhfuil baint ag cuid acu le nochtadh cosanta agus cuid a bhfuil baint acu le gearán pearsanta maidir le fostaíocht), ansin, ní mór an próiseas/na próisis cuí a chur i bhfeidhm chun déileáil leis na saincheisteanna. D'fhéadfadh an próiseas atá le cur i bhfeidhm ó chás go cás a bheith difriúil.

**16.4** Ní mór go mbreithneofar sa phróiseas scagtha/measúnaithe cibé ar féidir an éagóir líomhnaithe a imscrúdú nó ar chóir an éagóir líomhnaithe a imscrúdú (féach Alt 21; Nós Imeacht le hImscrúdú a dhéanamh ar Nochtadh). Sa chás go bhfuil gá le himscrúdú, ní mór don **Stiúrthóir Seirbhísí** cuí breithniú a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid an imscrúdaithe.

**16.5** Sa chás go mbíonn Oifigeach Ainmnithe den tuairim nach bhfuil gá le haon imscrúdú breise, ní mór don Oifigeach Ainmnithe comhairle a thabhairt don nochtóir maidir lena mheasúnú/lena measúnú agus le bunús an mheasúnaithe sin, chomh fada agus is féidir.

**16.6** Mar gheall nach bhfuil sé indéanta ag an am, cibé a measfar an nochtadh a bheith ina nochtadh cosanta ina dhiaidh sin faoi Acht um Nochtadh Cosanta, ní mór don Oifigeach Ainmnithe taifead i scríbhinn a choinneáil maidir lena ngníomhartha/lena gníomhartha, lena n-áirítear, amlínte, faoin alt seo.

**16.7** Ní mór don Oifigeach Ainmnithe comhairle a thabhairt do na Fostaithe/Oibrithe nach mór go mbeidh feidhm leis na coinníollacha seo a leanas ó thaobh nochtadh fostaí/oibrí:

- ní mór gur thug siad an nochtadh faoi deara maidir lena gcuid fostaíochta, agus
- ní mór go mbeidh tuairim réasúnach acu go léireoidh an fhaisnéis atá á nochtadh, éagóir.

**16.8** Tabhair ar aird nach dtagann nochtadh aon éagóir más é feidhm an fhostaí/oibrí nó fostóir an fhostaí/oibrí an ní a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, laistigh de na téarmaí, nó nach gciallaíonn sé cosaintí agus é a chur ina cheart faoi Acht 2014 (nó mura mbaineann gníomh nó neamhghníomh ar thaobh an fhostóra leis).

**16.9** Ní mór comhairle a thabhairt d'Fhostaithe/Oibrithe nach ngearrfar pionós orthu nó nach mbeidh dochar á fhulaingt acu mar gheall ar éagóir féideartha a thuairisciú agus gur cosúil go bhfuil an éagóir féideartha mícheart ar an gcoinníoll go mbíonn 'tuairim réasúnach' ag an fhostaí/oibrí' gur léirigh an fhaisnéis a tuairiscíodh nó a raibh an chuma ar an fhaisnéis a tuairiscíodh go raibh éagóir iomchuí amháin nó níos mó i gceist.

## 17. Aiseolas

**17.1** Tabharfar comhairle d'Fhostaithe/Oibrithe atá ag déanamh nochtuithe cosanta go gcuirfidh an tOifigeach Ainmnithe aiseolas tréimhsiúil ar fáil dó/di, faoi rún, maidir leis na hábhair a nochtadh agus tabharfar comhairle dó/di nuair a bhíonn breithniú maidir leis an nochtadh tugtha chun críche, seachas i gcásanna eisceachtúla; d'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm athdhearbhú agus deimhniú go bhfuiltear ag déileáil leis an ábhar. Tabhair ar aird nach gceanglaíonn sé seo ar an gComhairle cuntas iomlán a thabhairt maidir leis an staid ag an bpointe ama sin maidir le dul chun cinn (féach Alt 18 de Threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DoPER) faoi Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 chun na críche cabhrú le comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi Acht).

## 18. Tacaíocht agus Comhairle

**18.1** Tá an Chomhairle tiomanta aon tacaíocht atá riachtanach a sholáthar do na páirtithe iomchuí le linn agus tar éis nochtadh a dhéanamh.

## 19. Rúndacht

**19.1** Foráiltear san Acht um Chosaint Nochtadh, 2014 nach ndéanfaidh aon duine a ndéantar nochtadh cosanta dó nó di, agus aon duine a dtarchuirtear nochtadh cosanta chuige nó chuici le linn dualgais an duine sin a chomhlíonadh, an fhaisnéis sin a nochtadh do dhuine eile lena bhféadfaí an duine a rinne an Nochtadh Cosanta a shainaithint, seachas sa chás:

- go léiríonn an duine dá ndearnadh an nochtadh cosanta nó ar tarchuireadh an nochtadh cosanta chuige nó chuici gur ghlac sé nó sí na céimeanna réasúnacha go léir chun nach ndéanfaí aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh amhlaidh;

- maidir leis an duine dá ndearnadh an Nochtadh Cosanta nó ar tarchuireadh an Nochtadh Cosanta chuige nó chuici, go gcreideann sé nó sí le réasún nach bhfuil aon agóid ag an duine a rinne an nochtadh cosanta i gcoinne aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh;

- maidir leis an duine dá ndearnadh an nochtadh cosanta nó ar tarchuireadh an nochtadh cosanta chuige nó chuici, go gcreideann sé nó sí le réasún gur gá aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh;

  (a) chun an éagóir iomchuí lena mbaineann a imscrúdú go héifeachtach,
  (b) chun baol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, do shláinte an phobail, do shábháilteacht an phobail nó don chomhshaol a chosc; nó
  (c) chun coireacht a chosc nó cion coiriúil a ionchúiseamh; nó
  (d) gur gá an nochtadh thairis sin ar mhaithe le leas an phobail nó go gceanglaítear é le dlí.

**19.2** Ní mór d'fhostaithe/oibrithe a bhfuil imní orthu nach bhfuil a gcéannacht á cosaint, an tOifigeach Ainmnithe a chur ar an eolas agus déanfaidh an Chomhairle measúnú/imscrúdú ar fhógraí den sórt sin agus glacfar an gníomh cuí nuair is gá. Tá nós imeachta gearáin ar fáil d'aon sárú ó thaobh rúndachta faoin mBeartas agus Nós Imeachta Gearáin (féach Alt 23).

**19.3** Sa chás é a bheith soiléir nach féidir rúndacht maidir le nochtadh a chinntiú, cuirfear an nochtóir ar an eolas agus cuirfear nósanna imeachta agus straitéisí gníomhacha i bhfeidhm chun tacú leis an nochtóir.

## 20. Nós Imeachta chun Céannacht a Chosaint

**20.1** Sa chás go nglactar gníomh tar éis nochtadh cosanta, cuirfear próiseas i bhfeidhm chun dul i gcomhairle leis an nochtóir agus, nuair is indéanta, le toiliú feasach an nochtóra sula nglactar aon ghníomh lena n-aithneofaí iad. D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin nochtuithe atá tarchurtha ag an gComhairle chuig páirtí seachtrach.

**20.2** Sa chás go gcinntear é a bheith riachtanach faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh céannacht an nochtóra a léiriú, nó a d'fhéadfadh céannacht an nochtóra a léiriú, cuirfear an nochtóir ar an eolas maidir leis an gcinneadh seo roimh an nochtadh, seachas i gcásanna eisceachtúla. Ní mór an nochtóir a chur ar an eolas freisin maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe, a d'fhéadfadh an nochtóir a ghairm i ndáil leis an gcinneadh seo.

## 21. Nós Imeacht chun dul i gCumarsáid le haon fhostaí/oibrí a bhfuil Éagóir Líomhnaithe déanta ina n-aghaidh

**21.1** Cuirfear fostaithe/oibrithe ar an eolas go foirmiúil maidir leis an méid seo a leanas i scríbhinn, a bhfuil éagóir líomhnaithe déanta ina n-aghaidh agus go bhfuil taifeadadh agus measúnú déanta ar an nochtadh mar nochtadh ar fiú don duine aonair ainmnithe imscrúdú a dhéanamh air ar mhaithe leis na fíricí a fháil amach:

i. go bhfuil líomhain déanta ina n-aghaidh;
ii. nach dtiocfaidh an Chomhairle ar aon chinneadh go dtí go mbeidh na fíricí imscrúdaithe;
iii. go bhfuiltear ag súil go gcabhróidh siad leis an imscrúdaitheoir chomh fada agus is féidir le réasún;
iv. gur mian leis an imscrúdaitheoir iad a chur faoi agallamh ag am agus in áit shonrach;
v. gur féidir leo duine dá rogha féin a bheith i láthair ag an agallamh (m.sh. ionadaí ceardchumainn, comhghleacaí, tacaíocht ó phiara ina n-ionad oibre, srl.);
vi. go bhfuil sé de cheart acu ráiteas a dhéanamh maidir leis an líomhain/líomhaintí atá déanta ina gcoinne, ó bhéal/agus/nó i scríbhinn;
vii. chomh fada agus is féidir le réasún, beidh meas ar a rúndacht agus ar a bpríobháideachas;
viii. go bhfuil an tacaíocht agus an chomhairle seo a leanas ar fáil.

## 22. Nós Imeachta le Nochtadh a Imscrúdú

**22.1** Sa chás go mbíonn Oifigeach Ainmnithe den tuairim go bhfuil gá le himscrúdú, ní mór an t-ábhar a tharchur chuig an Stiúrthóir Seirbhísí cuí lena scrúdú agus/nó lena imscrúdú nó chuig duine seachtrach de rogha na Comhairle.

**22.2** Ní mór don Stiúrthóir Seirbhísí cuí an tOifigeach Ainmnithe a thabhairt suas chun dáta maidir le haon imscrúdú agus maidir leis an toradh. Tuairisceofar fíric imscrúdaithe den sórt sin a bhíonn ar siúl do Phríomhfheidhmeannach an Chontae/Cathrach agus cuirfear an toradh agus aon mholtaí a eascraíonn as an imscrúdú in iúl dó/di.

**22.3** D'fhéadfadh sé go mbeadh imscrúdú comhdhéanta de chur chuige neamhfhoirmiúil d'éagóir nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, imscrúdú níos leithne agus níos mionsonraithe d'éagóir thromchúiseach, nó imscrúdú seachtrach le comhlacht eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhféadfadh roinnt cúrsaí a bheith chomh tromchúiseach sin go bhféadfaí an t-imscrúdú a dhéanamh go seachtrach, ar nós ag saineolaithe ábhair nó nach mór cúrsaí a thuairisciú don Gharda Síochána agus nach mór don Gharda Síochána nó do chomhlacht eile imscrúdú a dhéanamh, ag a bhfuil cumhacht agus feidhm reachtúil imscrúdaithe maidir le cúrsaí áirithe.

**22.4** Beidh na himscrúduithe a dtabharfar fúthu neamhchlaonta agus déanfar iad a stiúradh ar bhealach atá ag teacht go hiomlán le próiseas cuí agus seasfaidh na nósanna imeachta leis an gcaighdeán seo. Chomh maith leis sin, déanfar rúndacht an fhostaí/an t-oibrí atá ag déanamh na tuarascála maidir leis an éagóir féideartha agus an duine a bhfuil an líomhain maidir le héagóir a dhéanamh ina gcoinne araon a chosaint – ar an gcéad dul síos de réir forálacha dlíthiúla iomchuí i gcás nochtadh cosanta agus ar an dara dul síos ag teacht le prionsabail an cheartais aiceanta.

**22.5** Cuirfidh an tOifigeach Ainmnithe aiseolas ar fáil don nochtóir maidir le faisnéis ghinearálta a bhaineann leis na hábhair a nochtadh agus cuirfear an nochtóir ar an eolas nuair a bheidh an breithniú maidir leis an nochtadh tugtha chun críche.

**22.6** Mar nach bhfuil sé indéanta ag an am cibé a measfar an nochtadh a bheith cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, ní mór cothabháil a dhéanamh ar thaifid scríofa, lena n-áirítear, amlínte maidir le haon imscrúdú a thugtar faoi faoin mBeartas seo.

## 23. Athbhreithniú

**23.1** Tá córas athbhreithnithe ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:

i. Aon chinneadh a dhéantar maidir le céannacht an nochtóra a nochtadh (seachas i gcásanna eisceachtúla);
ii. Toradh aon mheasúnú/imscrúdú ar tugadh fúthu maidir le nochtadh cosanta; agus
iii. Toradh aon mheasúnú/imscrúdú maidir le haon ghearán maidir le pionósú.

**23.2** Tabharfaidh comhalta ainmnithe den Fhoireann Bainistíochta Sinsearach faoin athbhreithniú. Sa chás go nglactar cinneadh céannacht an nochtóra a nochtadh, sa chás gur féidir, déanfar athbhreithniú a thairiscint don nochtóir sula ndéantar a gcéannacht a nochtadh. Tabhair ar aird nach bhfuil aon teidlíocht i gceist ó thaobh dhá athbhreithniú ar an tsaincheist chéanna.

**23.3** Cuirfear próiseas sonrach le chéile chun an t-athbhreithniú a láimhsiú, lena n-éilítear go ndéanfaidh páirtithe nach raibh bainteach leis an bpróiseas bunaidh, athmheasúnú ar na torthaí agus aon fhianaise bhreise a chuirtear ar fáil a bhreithniú.

**23.4** Cuirfear toradh an athbhreithnithe in iúl don fhostaí/oibrí.

## 24. Údar Imní a Ardú go Seachtrach

**24.1** Spreagtar fostaithe/oibrithe, ar an gcéad dul síos, le húdair imní atá acu a ardú faoi nós imeachta inmheánach na Comhairle. Aithnítear nach mbíonn sé seo cuí i gcónaí, áfach, dá bhrí sin, déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, le tuairisciú a dhéanamh go seachtrach do dhaoine eile seachas an Chomhairle in imthosca áirithe.

**24.2** Tugann Acht 2014 an deis d'oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh le daoine eile seachas lena bhfostóir in imthosca áirithe. I bhformhór imthosca is fearr nochtadh a dhéanamh leis an gComhairle agus, amháin mura mbíonn sé cuí, úsáid a bhaint as ceann de na roghanna ag (a) go dtí (d) thíos. Tá ceanglais dhiana i bhfeidhm le go gcáileoidh nochtuithe seachtracha eile mar nochtuithe cosanta faoi Acht 2014. Ní mór ceanglais dhifriúla a chomhlíonadh i gcásanna difriúla. Tá faisnéis maidir leis na roghanna atá ar fáil do thuairisciú seachtrach agus ceanglais gach aon rogha leagtha amach san Acht um Nochtadh Cosanta,

2014 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/14/enacted/en/html agus tá achoimre déanta orthu thíos;

**(a) Duine freagrach eile**
Sa chás go gcreideann an fostaí/oibrí le réasún, go mbaineann an éagóir le hiompar duine seachas fostóir an oibrí, nó le rud éigin a bhfuil freagracht dhlíthiúil ar dhuine seachas fostóir an oibrí as, ansin is féidir leis an oibrí an nochtadh a dhéanamh don duine eile sin.

**(b) Duine forordaithe**
Tá daoine áirithe forordaithe faoi Ionstraim Reachtúil 339 de 2014 ("IR 339") chun glacadh le nochtuithe cosanta ("daoine forordaithe"). Áirítear leis seo, cinn nó oifigigh sinsearacha ó raon comhlachtaí reachtúla, lena n-áirítear Príomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúla.

Féadfaidh fostaí/oibre nochtadh cosanta a dhéanamh le duine forordaithe sa chás go gcreideann an t-oibrí le réasún go dtagann an éagóir iomchuí laistigh den chur síos ar ábhar a bhfuil an duine forordaithe ina leith faoi IR 339 (féach Aguisín I). Mar sin féin, déantar foráil freisin in Acht 2014 do cheanglas breise sa chás seo. Ní mór go gcreidfidh an fostaí/oibrí go bhfuil an fhaisnéis a nochtar, agus aon líomhain atá san fhaisnéis sin, fíor go substaintiúil.

**(c) Aire den Rialtas**
Sa chás go bhfuil nó go raibh an fostaí/oibrí fostaithe sa Chomhairle, féadfaidh an fostaí/oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

**(d) Comhairleoir Dlí**
Ceadaíonn Acht 2014 d'fostaí/oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh le linn dó nó di comhairle dlí a fháil ó abhcóide, aturnae, feidhmeannach ceardchumainn nó oifigeach comhlachta eiscthe (is ionann comhlachta eiscthe agus comhlacht a dhéanann idirbheartaíocht le fostóir maidir le pá agus le coinníollacha ach nach ceardchumann atá i gceist mar a shainmhínítear in Alt 6 den Acht Ceard-Chumann, 1941).

## 25. Nós Imeachta maidir le Gearán

**25.1** Is féidir gearán maidir le pionósú nó sárú rúndachta faoin mbeartas seo a dhéanamh faoi Bheartas agus Nós Imeachta Gearáin na Comhairle.

**25.2** D'fhéadfaí caitheamh le haon ghníomhartha maidir le pionósú den sórt sin nó le hiarracht a dhéanamh ar phionósú mar ábhar araíonachta, ag teacht le Beartas agus Nós Imeachta Araíonachta na Comhairle.

**25.3** D'fhéadfaí caitheamh mar ábhar araíonachta le sárú rúndachta a dhéanann faighteoir an nochtadh, nó an duine a ndéantar an nochtadh a tharchur dó/di, céannacht an nochtóra a nochtadh nó faisnéis a d'fhéadfadh céannacht an nochtóra a nochtadh mura mbíonn cúis mhaith lena leithéid sin a dhéanamh, ag teacht le Beartas agus Nós Imeachta Araíonachta na Comhairle.

## 26. Prótacal an Choiste Iniúchóireachta

**26.1** Ceanglaítear le Rialacháin (Choiste Iniúchóireachta) an Rialtais Áitiúil 2014, go gcinnteoidh an coiste iniúchóireachta go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm trína mbeidh ar chumas fostaithe údarás áitiúil údair imní a ardú faoi rún maidir le mírialtachtaí féideartha ó thaobh tuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí airgeadais eile.

**26.2** Tá glactha ag Coiste Iniúchóireachta na Comhairle le Prótacal chun foráil a dhéanamh ó thaobh aon údar imní a ardaítear le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta a tharchur don 'Oifigeach atá Ainmnithe le Nochtuithe a fháil', de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

*Aguisín I*

**Faoi Dhian-Rún**

**Foirm chun Nochtadh Cosanta a Thuairisciú**

| | |
|---|---|
| **AINM***: | |
| **LIMISTÉAR OIBRE***: | |
| **MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA***: | |

*; Tá Ainm, Limistéar Oibre agus Mionsonraí Teagmhála roghnach

**1.** Tabhair dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta ar cuireadh tús leis an éagóir líomhnaithe nó ar aithníodh an éagóir líomhnaithe:__________________________________

**2.** An bhfuil an éagóir líomhnaithe ag leanúint ar aghaidh? Tá ☐ Níl ☐

**3.** Ar nochtadh an éagóir líomhnaithe le haon chomhalta den bhainistíocht nó le fostaí/oibrí eile cheana? Nochtadh ☐ Níor nochtadh ☐

Má nochtadh, cén uair a rinneadh an éagóir a nochtadh agus cén tionchar a bhí ag an nochtadh?

| |
|---|
| |

**4.** Tabhair mionsonraí, le do thoil, maidir leis an éagóir líomhnaithe agus maidir le haon fhaisnéis tacaíochta:

| |
|---|
| |

**5.** Tabhair ainm, le do thoil, an duine/na ndaoine (más eol nó más infheidhme) atá líomhnaithe a bheith bainteach leis an éagóir líomhnaithe: _______________________________________________________

**6.** Sonraigh, le do thoil, an modh cumarsáide is fearr leat maidir leis an nochtadh seo?______________________________________________________________________

**7.** Aon fhaisnéis iomchuí eile:

| |
|---|
| |